

## Acmhainn Tadhlaíochta

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de cheardlann FGL Ghrafaice 2019/2020 a tharla le linn na scoilbhliana 2018 / 2019. Is féidir breathnú ar na hábhair uile a úsáideadh sa cheardlann sin i rannán na dTeicneolaíochtaí de [www.jct.ie](http://www.jct.ie) laistigh de thíl na gCeardlann FGL

Nasc Cheardlann FGL:

[http://jct.ie/leanganaeilge/technologies/cpd\\_supports\\_graphics\\_cpd\\_workshops\\_2019\\_2020\\_ga](http://jct.ie/leanganaeilge/technologies/cpd_supports_graphics_cpd_workshops_2019_2020_ga)

Taispeánadh an t-aonad seo le linn na ceardlainne seo agus dhírigh sé ar an gcaoi ar ghníomhachtaigh múinteoir na torthaí foghlama agus an phríomhfhoghlaim lena chuid scoláirí agus comhthéacs a scoile ina intinn aige. Seans go gcabhródh an acmhainn shamplach seo leat ábhair a phleanáil agus a fhorbairt a d'oirfeadh do chomhthéacs do chuidse scoláirí. Is é príomhfhócas an aonaid foghlama seo tadhlaíocht a aithint, a léirmhíniú, a chomhthógáil agus a shamhlú le linn staidéar ar shonraíocht na Grafaice. Is féidir teacht ar an bplé sin ar shleamhnáin 27 – 76 den Chumhacht-Phointe FGL Ghrafaice 2019 /2020.

### **Cad é atá le fail sa PDF seo?**

#### **1. Aonad foghlama samplach**

Faightear anseo an t-aonad foghlama samplach a d'fhorbair an múinteoir.








#### **2. Bileoga Oibre agus gníomhaíochtaí samplacha**

Tá gníomhaíochtaí sa PDF seo ar tugadh fúthu agus a pléadh sa chomhthéacs a leagtar amach i sleamhnáin 30 – 49 den láithreoireacht FGL Ghrafaice 2019 / 2020. Is tábhachtach nóta a dhéanamh de na torthaí foghlama, an phríomhfhoghlaim agus an briathar gnímh i bplean an aonaid a chuireann gníomhaíochtaí na bileoige i gcomhthéacs.

Míle buíochas leis na múinteoirí a bhí rannpháirteach agus a chuir na hacmhainní seo ar fáil d'fhoireann Jct4.



**Tabhair do d'aire:** Moltar go mbreathnófa ar na hábhair cheardlainne FGL agus an acmhainn seo in úsáid agat chun comhthéacs a thabhairt don acmhainn agus tuiscint níos fearr a fhorbairt ar struchtúr na sonraíochta.



	<b>Ainm an Mhúinteora: Aonad Foghlama Samplach</b> <b>Unit: Tadhlaíthe sa domhan fíor</b>	<b>Pleanáil do Grafaic</b> <b>Duration: Trí Seachtaine</b>	<b>Class Group: Dara Bliain</b> <b>Dáta Tosaigh: 20/10/2019</b>
			
	<p><b>AOIS AGUS CÉIM:</b> Scoláirí an Dara Bliain, Téarma 2</p> <p><b>RÉAMHFHOGLAIM:</b> Línte tógála bunúsacha, Teilgean Ortagrafach, Rudaí plánacha a rindreáil, líne thógála éilips, aistriithe agus siméadracht</p> <p><b>FÓCAS NA FOGHLAMA:</b> Tadhlaíthe sa domhan fíor</p> <p><b>SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE A FHIOSRÚ</b> Grafaic 2T, Grafaic Fheidhmeach, Prionsabail agus tógálacha geoiméadracha, Smaointeoireacht Dearaidh.</p> <p><b>TORTHAÍ FOGHLAMA</b> 1.1 Ionramháil cruthanna 2T a amharcléiriú 1.4 Léiríthuisicint a bheith aige do ról na grafaice 2T i réitigh a chruthú 1.12 réitigh 2T a thógáil go cruinn de réir coimhinsiúin ghrafaicha. 2.11 Léiríthuisicint a bheith aige do chur i bhfeidhm prionsabal geoiméadrach i réimsí eile staidéir 3.1 saintréithe 2T agus 3T in earraí agus déantáin choitianta a aithint</p>	<p><b>PRÍOMHFHOGLAIM</b> 1.1 Gluaiseacht cruthanna, pointí agus línte 2T a shamhlú <b>Briathra Gnímh:</b> Amharcléiriú 1.1 &amp; 1.4 Tadhlaíthe a aithint i ngnáthrudáil agus i ngnáthdhéantáin <b>Briathra Gnímh:</b> Amharcléiriú &amp; Léiríthuisicint 1.12 &amp; 1.1 Pointí teagmhála a aimsiú go cruinn agus tadhlaíthe a thógáil. <b>Briathra Gnímh:</b> Amharcléiriú &amp; Tóg</p> <p>3.1 &amp; 2.11 Tadhlaíocht a aithint sa domhan mórtimpeall orthu. <b>Briathra Gnímh:</b> Aithin &amp; Léiríthuisicint</p> <p><b>BRIATHRA GNÍMH</b> Amharcléiriú rud atá teibí nó rud nach bhfeiceann an tsúil a chruthú san intin nó sa tsamhlaíocht <b>Léiríthuisicint</b> a bheith ag... do... bri a aithint, tuisicint phraicticiúil a bheith aige do rud <b>Tóg</b> tógáil trí ábhair nó páirteanna a chur le chéile</p> <p><b>Aithin</b> fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feineamán a thuisicint a shainaithint</p>	<p><b>CAD É AN TAITHÍ A BHEIDH AG SCOLÁIRÍ AR AN BHFOGLAIM SEO?</b> Sceitseáil, Líniócht chruim le huirsi línióchta, DRC. Taighde ar an timpeallacht áitiúil. Foghlaim a nascadh le tógálacha matamaiticiúla. Tionscadal taighde a dhearadh</p> <p><b>ACMHAINNÍ:</b> Amharcléirtheoir, Ceamara / Fón, Dronbhacairt agus teacht ar ríomhairí a bhfuil DRC orthu, Trealamh sceitseála &amp; páipéar rianaithe, Teagasc 3T agus samhlaigh foghlama tadhlaíthe.</p> <p><b>MODHEOLAÍOCHTAÍ</b> Léiriú múinteora ar an gcrío-eolas, siúlóid an phúca agus taighde príomha, gnóthachtáil coincheapa agus tionscadal taighde</p> <p><b>CONAS A BHRAITHFIDH SCOLÁIRÍ NA TORTHAÍ FOGHLAMA?</b> 3.1 &amp; 2.11 Cleachtadh gnóthachtáil coincheapa chun tús a chur le tadhlaíthe. 1.12 &amp; 1.1 Tadhlaí agus coincheap ingearchló (líne cheartingearach go talamh) a thógáil. Sainmhíniú ar phointe, líne agus tadhlaí pléite. Páipéar rianaithe a úsáid. 2.11 &amp; 3.1 Tadhlaíocht a shainaithint agus a léiriú i siúlóid an phúca trí phictiúr a thógáil agus / nó samplaí a aimsiú ar líne cosúil le nithe a chonacthas le linn na siúlóide. 1.12 Iníochadh ar an gcúis a n-oiríonn an líne thógála nuair a úsáidtear dath. Réitigh a chruthú ar fhadhbanna ríadhlíochta éagsúla. 1.1 Tadhlaí agus ceartingear a aistriú ar rianpháipéar le léiriú gurb é an prionsabal céanna atá ann. 1.4 &amp; 3.1 Tionscadal taighde a dhéanamh chun tadhlaíocht a shainaithint agus a léiriú sa domhan thart timpeall orthu.</p>
	<p><b>MEASÚNÚ LEANÚNACH</b> Aiseolas foirmitheach múinteora i rith an aonaid foghlama. Teicnící sceitseála agus rindreála a úsáid chun dromchlaí tadhlaíthe a léiriú 3.1 &amp; 2.11 Tadhlaíthe ina saol féin a aimsiú agus a thairféad ag úsáid sceitseáil agus / nó grianghraf. 3.1 &amp; 1.12 Bileoga oibre a dhéana níl ina mblonn fadhbanna tadhlaíochta 1.1 Nasc fiseach idir ciorcal agus éilips a aithint. Croiphronsabail a úsáid i gcásanna éagsúla. 1.12 Uillinn i leathchiorcal a aithint mar 90° 1.4 Tionscadal dearaidh a dhéanamh agus an tadhlaíocht a bheith ina cuid de. Triail shuimitheach ag deireadh an aonaid</p>	<p><b>MACHNAIMH:</b> Is féidir naisc a dhéanamh le Mata agus a dheimhniú go mbeidh an t-aonad seo ag teacht le línte tógála agus le teorirí Matamaitice</p>	<p><b>MACHNAIMH:</b> Is féidir naisc a dhéanamh le Mata agus a dheimhniú go mbeidh an t-aonad seo ag teacht le línte tógála agus le teorirí Matamaitice</p>

## Fócas na Foghlama:

Mar chuid den aonad foghlama seo thosaigh scoláirí le gníomhaíocht tuiscint choincheap. Sa ghníomhaíocht seo úsáidtear sraith sleamhnán a bhfuil dhá íomhá iontu, íomhá amháin ina bhfuil an coincheap céimseatóil arb é fócas na foghlama agus íomhá eile nach bhfuil an coincheap céimseatóil inti. Léirítear thíos na treoracha agus na sleamhnáin a úsáidtear trí fhísghabhálacha scáileáin de na sleamhnáin 30 -37 ón gCumhacht-Phointe FGL Ghrafaice 2019 /2020.

### Fócas na Foghlama?

- Céin coincheap atá ann?
- Díreann ar na samplaí **Sea**
- Soiléireoidh na samplaí **Ní hea** do chuid smaointeoireachta
- Scríobh síos do smaointe tar éis gach sampla.




### Tástáilte (nó samplaí)



Sea nó Ní hea




Sea nó Ní hea





### Gníomhaíocht 1:


Tá roth rothair ina shuí ar an dtalamh agus in éadan ball mar a léirítear. Aimsigh go cruinn na pointí teagmhála. Sainaithin na tadhlaíthe agus na normail.



**Pointe** “é sin nach bhfuil aon chuid aige”. Is suíomh é an pointe sa chéimseata. Níl aon mhéid aige, ná leithead, ná fad agus ná doimhneacht. Trasnáíonn dhá líne ag pointe.

### Gníomhaíocht 2:


Rianaigh an tadhlaí agus an normal ó Gníomhaíocht 1 ar pháipéar rianaithe. Ag úsáid an rianpháipéir, aimsigh go cruinn an pointe teagmhála idir an tadhlaí agus an ciorcal thíos. Sainaithin agus lipéadaigh an dtevuillinn ( $90^\circ$ ).



**Is é atá i líne dhíreach** “líne a luíonn go cothrom leis na pointí uirthi féin”

### Gníomhaíocht 3:

Tóg tadhlaí leis an gcorral thíos ag pointe P. Bain úsáid as an rianpháipéar le cabhrú leat le do réiteach.




**Is é atá i dTadhlaí líne dhíreach** nach dteagmhaíonn le cuar áirithe ach ag pointe amháin agus nach dtéann tríd an gcuar.

**Gníomhaíocht 4:**

Cén mhéid ata an uillinn ABC? Seiceáil í le d'uillinntomhas. Tóg uillinn eile trí cheangal a dhéanamh idir pointe A agus aon pointe P ar imlíne an leathchiorcail agus ansin trína cheangal ar ais le C.

Cad é mar atá na huillinneacha i gcomparáid lena chéile?


Bain úsáid as an bpáipéar rianaithe ó Gníomhaíocht 1 chun d'fhreagra a dhearbhu.



Uillinn ABC =	
Uillinn APC =	

**Gníomhaíocht 5:**

Tóg tadhlaí go cruinn leis an gciorcail ó pointe P. Aimsigh an pointe teagmhála don tadhlaí. Cabhróidh an léaráid thuas leat le do réiteach.





Sampla — a forbraíodh le húsáid le FGL Jct4

P  
+



**Gníomhaíocht 6:**

Tóg tadhláí inmheánach go cruinn leis na ciorcail a thaispeántar thíos. Aimsigh na pointí teagmhála.



**Gníomhaíocht 7:**

Tóg tadhláí seachtrach go cruinn leis na ciorcail a thaispeántar thíos. Aimsigh na pointí teagmhála.




**Gníomhaíocht 8:** Tar éis turas chun na scoile bhailigh scoláire colláis de léaráidí agus de pictiúir ón turas.

- Déan anailís ar na pictiúir agus ar na léaráidí atá le feiceáil thuas agus sainaithin na tadhlaí a fheictear sna léaráidí agus léirigh an gheoiméadracht ag úsáid nótaí agus sceitsí.

Tadhlaí sa domhan thart timpeall orm




Sampla na forbraíodh le húsáid le FGL



1. Ceangail A agus B le haon pointe C ar imlíne an leathchiorcail.
2. Ceangail C le lár an leathchiorcail.
3. Sainaithin dhá thriantán chomhchosacha.
4. Cad é suim na n-uillinneacha sa dá thriantán chomhchosacha seo?
5. Úsáid dathanna meaitseála chun uillinneacha atá ar cóimhéid a aithint
6. Úsáid dhá dhath dhifriúla chun an dá uillinne istigh i lár an chiorcail a aithint.
7. Úsáid an ghrafaic phíchairte thíos chun méid gach uillinne a léiriú.
8. An féidir leat a ríomh cén mhéid atá uillinne ACB?

### Nótaí:

Sampla — a forbraíodh le nuasáid le FGL Jct4




Úsáid na ceithre dhath chun méid na n-uillinneacha sa chiorcal thuas a léiriú go grafach.



## Móimint Réasúnú Spásúil

Tóg tadhlaí leis an éilips ag pointe P, gan na pointí fócasacha a aimsiú.



Sampla – a forbraíodh le húsáid le FGL Jct4

